

Ardoifigeach Feidhmiúcháin (téarma seasta) - Maoirseacht Ardáin & Oibríochtaí Rialála

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



Coimisiún
na Meán

Lúnasa, 2024



Coimisiún
na Meán

Ár gCuspóir & Misean

Cuspóir

Táimid ag cur córas rialála nua i bhfeidhm maidir le sábháilteacht ar líne Chomh maith le daoine in Éirinn a chosaint roimh dhíobhálacha ar líne, beidh muid mar rialtóir don Eoraip ar fad don iliomad ardán mór ar líne a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach in Éirinn – ag obair go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus lenár gcomhghleacaithe ar fud na hEorpa. Cuirfimid rialacha i bhfeidhm nach mór d'ardáin a leanúint chun a n-úsáideoirí a choinneáil sábháilte. Le himeacht ama, bunóimid meicníocht chun comhairle a thabhairt d'úsáideoirí agus chun gearáin a bhreithniú nuair a bhíonn úsáideoirí míshásta leis an mbealach ar láimhseáil ardán gearán.

Déanaimid rialáil ar chraoltóirí agus ar sholáthraithe físe ar éileamh. Déanaimid agus cuirimid i bhfeidhm cóid agus rialacha nach mór do chraoltóirí a leanúint ar ábhair ar nós cothromaíocht sa nuacht agus i gcúrsaí reatha, leanaí a chosaint ó ábhar atá míchuí ó thaobh aoise de, fógraíocht pholaitiúil, cothromaíocht inscne a chur chun cinn agus rochtain a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas. Déanfaimid athbhreithniú ar ár gcóid agus ar ár rialacha agus leathnóimid iad chuig soláthraithe físeáin ar éileamh amhail seirbhísí sruthaithe agus daoine a uaslódálann físeáin ar mhaithe le gnóthachan tráchtála. Bronnaimid conarthaí craolacháin ar stáisiúin raidió agus teilifíse tráchtála freisin, déanaimid athbhreithniú ar fheidhmíocht craoltóirí seirbhíse poiblí ar nós RTÉ agus TG4 agus déanaimid moltaí faoina maoiniú. Déileálaimid freisin le gearáin ón bpobal i gcoitinne faoi ábhar cláir.

Tacaímid le hearnáil na meán níos leithne. Reáchtálaimid scéimeanna maoinithe chun tacú le forbairt ábhair a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaí na hÉireann, ábhar i nGaeilge san áireamh. Cuir i gcás, táimid bródúil as An Cailín Ciúin a mhaoiniú, an chéad scannán Gaeilge riamh a ainmníodh le haghaidh Oscar. Le linn na bliana seo chugainn, bunóimid scéimeanna nua maoinithe chun tacú leis an iriseoireacht áitiúil agus glacfaimid tionscnaimh a bhaineann leis an nGaeilge, Inbhuanaitheacht, agus comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Cuirimid litearthacht sna meáin chun cinn freisin. Táimid ag súil le ról níos leithne a ghlacadh i bhforbairt na meán sna blianta amach romhainn

Ár Misean

Is é ár misean tírdhreach rathúil, éagsúil agus sábháilte ar líne agus sna meáin a chinntiú. Is ionann seo agus meascán de ghuthanna, tuairimí agus foinsí éagsúla nuachta atá ar fáil thar an líonra agus ar líne. Ciallaíonn sé go bhfuil leanaí agus gach duine againn á gcosaint ó ábhar díobhálach.

“Tá ár gcuid oibre iontach fiúntach – cosnaímid daoine ar líne, agus déanaimid cinnte go léiríonn agus go múnlaíonn tírdhreach na meán sochaí na hÉireann.”

“Tá Éire lárnach i rialáil na hEorpa mar go bhfuil an oiread sin ardán mór lonnaithe anseo. Is iomaí deis atá ann ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann agus ionchur a bheith agat ag fóraim idirnáisiúnta ”

Fáilte chuig Coimisiún na Meán

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú sa ról mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin inár rannóg um Maoirseacht ar Ardáin agus Oibríochtaí Rialála. Fáilte chuig Coimisiún na Meán - coimisiún nua na hÉireann chun craoltóirí, na meáin ar líne a rialáil agus chun tacú le forbairt na meán.

Táimid tiomanta do thírdhreach rathúil, éagsúil agus sábháilte ar líne agus sna meáin a chinntiú. Ciallaíonn sé seo go bhfuil meascán de ghuthanna, thuairimí agus fhoinsí éagsúla nuachta ann. Ciallaíonn sé seo leanaí agus gach duine againn a chosaint ó ábhar díobhálach.

Tá ríméad orainn a bheith ag earcú d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin inár rannóg um Maoirseacht ar Ardáin agus Oibríochtaí Rialála ar bhonn conradh 12 mhí ar théarma seasta. Tá an ról seo mar chuid lárnach dár bhfás ag tacú le tosaíochtaí straitéiseacha Choimisiún na Meán, ag soláthar tacaíochta agus treo straitéiseach chun seachadadh bunúsach ár gcuid oibre a mhúnlú.

Más dúshlán é seo a chreideann tú a thabharfaidh dúshlán nua do scileanna reatha, ba bhreá linn cloisteáil uait agus fáilte a chur roimh d'iarratas.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Sa rannán Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin déanfaidh Ardoifigigh Feidhmiúcháin daoine agus tionscadail a bhainistiú go himheánach, agus déanfaidh siad comhordú le páirtithe leasmhara seachtracha go náisiúnta agus ar fud an Aontais Eorpaigh. Glacfaidh siad páirt i ngníomhaíocht mhaoirseachta, bailiú sonraí agus iniúchadh, imscrúduithe, agus obair eile a chuirfidh le misean Choimisiúin na Meán.

Maidir leis an Rannán

Is é misean an rannáin Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin ná seirbhísí agus oibríochtaí na n-eagraíochtaí a rialaíonn Coimisiún na Meán a thuiscint. Áirítear leis sin faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí rialála, saincheisteanna a réiteach ar bhonn deonach nuair is cuí, agus gníomh comhlíonta foirmiúil a dhéanamh nuair is gá. Tá sé fhoireann sa Rannán; 4 dírithe ar mhaoirseacht ardán, foireann imscrúduithe agus foireann oibríochtaí a chabhróidh le straitéis rialála a chinneadh.

Príomhfhreagrachtaí

- Pleanáil tionscadail agus riarachán.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar chomhairle chun cóid agus rialacha a athrú ina bpróisis oibre.
- Bailiú sonraí agus fianaise trí iarratais réamhghníomhacha.
- Athbhreithniú agus anailís ar thuarascálacha trédhearcachta, measúnuithe riosca, agus sonraí eile a chuirtear ar fáil do sheirbhís.
- Athbhreithniú agus anailís ar chleachtais agus iompraíochtaí eintiteas rialáilte ar fud an mhargaidh.
- Anailís ar chórais mholtóirí, ábhar orgánach agus ábhar curtha chun cinn, agus gach próiseas athbhreithnithe gaolmhar.
- Comhoibriú le foirne inmheánacha agus seachtracha chun dea-chleachtais mhaoirseachta agus imscrúdaithe a fhorbairt, a chothabháil agus a nuashonrú.
- Rannchuidiú le próisis agus gníomhaíochtaí láimhseála fiosrúcháin agus gearán.
- Cleachtais mhaoirseachta agus moltaí a fhorbairt chun próisis a athrú nó a fheabhsú.
- Bainistíocht Daoine, lena n-áirítear foireann ardfheidhmíochta a bhainistiú, a fhostú agus a fhorbairt.
- Na scileanna agus na riachtanais oiliúna a theastaíonn a aithint lena chinntiú gur féidir leis an eagraíocht seirbhísí maoirseachta agus imscrúdaithe ar ardchaighdeán a sholáthar.

Tá an méid thuas ceaptha mar threoir don réimse ginearálta dualgas agus tá sé beartaithe gan a bheith cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithniú.

Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanach

Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas ag an iarrthóir idéalach:

- Taithí san earnáil teicneolaíochta nó rialála.
- Taithí oibre ábhartha 3 bliana ar a laghad, le 1 bhliain ar a laghad de thaithí bainistíochta líne.
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin agus an cumas tosaíocht a thabhairt go héifeachtach agus ualach oibre suntasach agus éagsúil a bhainistiú.
- Scileanna idirphearsanta dea-fhorbartha leis an gcumas caidrimh a chothú le go leor páirtithe leasmhara éagsúla agus scileanna idirbheartaíochta agus tionchair a léiriú.
- Cumas oibriú as a stuaim féin agus laistigh d'fhoirne tionscadail.
- Sárscileanna cumarsáide scríofa i bhfoirmeacha éagsúla lena n-áirítear cur i láthair, doiciméid bheartais, comhfhreagras agus tuarascálacha.
- Eolas ar chleachtais gnólachtaí teicneolaíochta maidir le forbairt agus athrú beartais, measúnú agus maolú riosca, athbhreithniú inneachair, agus cleachtais ghnó airgeadaíochta.
- Dírithe ar an todhchaí agus athléimneach go leor chun féachaint ar dhúshlán mar dheiseanna foghlama.
- Tá meas agat ar dhlíthe, ar rialacha agus ar phróiseas cuí mar chreat chun tionchar dearfach a sholáthar ar an tsochaí

Critéir Inmhianaithe

- Taithí le huirlisí CRM agus próisis idirghníomhaíochta custaiméirí.
- Cáilíocht/céim aitheanta Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i ndisciplín ábhartha.
- Líofacht nó eolas oibre ar an nGaeilge.

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo:

- Ceannaireacht Foirne
- Breithiúnas, Anailís agus cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt
- Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhísí Poiblí

Príomhfhaisnéis

Maidir leis an bpacáiste & próiseas iarratais An Pacáiste

- ❑ Tairgtear an post seo ar bhonn conradh téarma sheasta 12 mhí.
- ❑ Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- ❑ Suíomh: Ról hibrideach a bheidh sa ról a chomhcheanglaíonn obair bhaile agus oifige. Tá oifigí an Choimisiúin lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.

Grád agus Scála Pá:

- ❑ Tá an post seo grádaithe arscála Ardoifigigh Feidhmiúcháin.
- ❑ Is féidir sonraí faoi shochair eile, téarmaí fostaíochta agus incháilitheachta a fháil ar shuíomh gréasáin Coimisiúin na Meán ag www.cnam.ie/careers laistigh den mhicreashuíomh tiomnaithe atá nasctha leis.
- ❑ Ceapfar iarrthóirí rathúla ar an gcéad phointe den scála.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach le do thoil:

- ❑ CV agus litir/ráiteas pearsanta (i.e., nach mó ná 2/3 leathanach) ina dtugtar breac-chuntas ar an bhfáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, do thaithí agus do luachanna riachtanais an phoist a **chur ANSEO**
- ❑ Má tá aon riachtanais speisialta agat i rith an phróisis earcaíochta, mar shampla, má tá lagú amhairc ort nó más duine néara-éagsúil tú, táimid sásta freastal ar do chuid riachtanas nuair is féidir, déan teagmháil linn trí cnam@cpl.ie chun tacaíocht a iarraidh.
- ❑ Tá ceapachán don ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn agus éilíonn gach post iarrthóirí le bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.
- ❑ Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiáimh ón bpróiseas.

Dáta Deiridh: 3 i.n. an 9 Meán Fómhair 2024



Tá ról lárnach ag Coimisiún na Meán maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú níos fearr a spreagadh sna meáin agus maidir le tacú le hinbhuanaitheacht trí thionscnaimh chomhshaoil ar fud earnáil na meán i gcoitinne.

Táimid thar a bheith bródúil as a bheith ar aistear i dtreo barr feabhais a bhaint amach san éagsúlacht, sa chothromas agus sa chuimsiú.

Bhronn an tIonad Náisiúnta um Éagsúlacht an Gradam Cré-umha 'Infheisteoirí san Éagsúlacht' orainn cheana féin, agus táimid ag obair i dtreo an Gradam Óir a bhaint amach.

Geallann An Coimisiún a chinntiú go bhfuil gach gníomhaíocht earcaíochta deartha chun fórsa saothair Éagsúla a chur chun cinn a bhfuil comhionannas ar thús cadhnaíochta ann.

